# Cad é an fhadhb atá ann?



1. Cén toradh a bheidh ann má éiríonn liom an fhadhb seo a réiteach?

2. Cad é mar a bheidh a fhios agam go bhfuil an fhadhb réitithe agam?

3. Mol rud éigin a bheadh ina chuidiú sa chás seo.

4. Cé chomh héifeachtach agus a bhí do mholadh?

5. An dtig leat smaoineamh ar réiteach níos fearr?



# Cé a smaoiníonn ar an dóigh seo?



1. Cé a bheadh ina s(h)aineolaí ar an ábhar seo?
2. Cad é a mholfadh sé/sí duit a dhéanamh?
3. Cad é an chéad cheist a chuirfeá air/uirthi?
4. Cad iad na ceisteanna a chuirfeadh saineolaí ort maidir leis seo?
5. Cén cineál poist ina mbeadh an modh oibre seo in úsáid?



# Fíor nó bréagach?




3.13

1. Cad é mar a thig leat an fhianaise seo a thástáil?
2. An síleann tú go bhfuil an fhianaise ceart?
3. Cad é atá an t-údar ag iarraidh a chruthú?
4. Cén fhianaise a thugtar ar a shon sin?
5. Cén fhianaise a thugtar ina choinne sin?



# Sílim, ...mar... Luaigh do chuid fáthanna



1. Cad chuige a síleann tú sin?
2. An amhlaidh nach bhfuil ann ach tuairim nó an dtig leat fáthanna a lua?
3. An bhfuil fianaise agat? An fianaise mhaith í?
4. Cad é atá i gceist le fianaise mhaith sa chás seo?
5. Cé eile a aontaíonn leat?



# Cad é a tharlóidh ina dhiaidh seo?



1. Cad é a tharlóidh ina dhiaidh seo dar leat?
2. An bhfuil patrún ann a bhfuil tú eolach air cheana féin?
3. An bhfuil an patrún ag titim amach go gasta nó go fadálach? Cad chuige?
4. An athróidh sé mar a athraíonn torbán ina fhrog, mar athraíonn oighear ina uisce nó mar a athraíonn síol ina chrann?
5. Cad é mar a thiocfadh leat grianghraf, scéal nó rud éigin eile a úsáid lena bhfuil ag tarlú a léiriú?




# Cad é an dóigh is fearr le bheith ag smaoineamh air?



1. Cad é a chaithfidh mé a dhéanamh?
2. Cén t-eolas atá de dhíth orm agus cad é mar a bheidh mé ábalta cuimhneamh air?
3. An dtiocfadh liom é a dhéanamh ar dhóigh eile?
4. Cad é rinne daoine eile?
5. Cad é a dhéanfadh eolaí? Nó lúthchleasaí nó cócaire? Cad é an dóigh is fóirsteanaí sa chás seo?



# Cén cinneadh a dhéanfaidh tú?



Smaointeoireacht, fadhbreiteach agus cinnteoireacht

3.17

1. Cad iad na roghanna atá agat?
2. Cad é a tharlódh i gcás gach ceann acu?
3. Cad é an rogha is fearr duit féin?
4. Cad é mar a dhéanfaidh tú cinneadh?
5. Cad a tharlóidh má roghnaíonn tú an ceann is fearr leat seachas an ceann is fearr ar fad?



# An bhfuil sé seo indéanta, fiú?



1. Cad é mar a bheidh a fhios agat cén réiteach a n-éireoidh leis agus cén réiteach nach n-éireoidh leis?

2. An bhfuil rialacha ar bith ann?


3. Cad iad na rialacha seo?

4. Abair gur shíl tú go raibh rud dodhéanta, ach gurb amhlaidh a bhí sé indéanta. An réiteodh sé seo an fhadhb?

5. Abair go dtiocfadh leat na rialacha a shárú le go n-éireodh leis, cad é a d'athrófá?



# Cad iad na rialacha?




Smaointeoireacht, fadhbreiteach agus cinnteoireacht

1. An bhfuil patrún ann?
2. An bhfuil riail mhatamaitice nó dlí eolaíoch nó riail eile ann lena mhíniú cad é ba chóir tarlú?
3. Cad é an chéad rud eile a tharlóidh?
4. Cad é mar a thiocfadh leat a mhíniú do dhuine eile cad é atá ag tarlú?
5. Cad é atá foghlamtha agat?



# Aimsigh an rud iomlán agus codanna de



Smaointeoireacht, fadhbreiteach agus cinnteoireacht

3.20

1. Cad é atá agat – an rud iomlán nó cuid den rud iomlán?
2. Cad é atá ar iarraidh agus cad é mar atá a fhios agat?
3. Cén fadhb atá le réiteach?
4. An luíonn sé le chéile amhail míreanna mearaí, amhail cnó agus bolta nó amhail uisce ag líonadh gloine?
5. Cad é an rud iomlán a bhfuil an rud seo mar chuid de?

